2022.M59T

2022L034A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2022

Eacnamaíocht

Ardleibhéal

Dé hAoine 24 Meitheamh Maidin 9.30 - 12.00

300 marc

Scrúduimhir

Lá agus Mí do Bhreithe

Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

Stampa an Ionaid

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2022 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

Treoracha

Tá **dhá** roinn sa pháipéar seo.

Tá 300 marc san iomlán ag gabháil leis an scrúdú seo.

Roinn A: 75 marc
Freagair **5** cheist as **10** gceist sa roinn seo.

Roinn B: 225 marc.
Freagair **3** cheist as **6** cheist.

Tá 75 marc ag gabháil le gach ceist sa roinn seo.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás le haghaidh obair bhreise i gcúl an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán cuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Tabharfaidh an feitheoir cóip den leabhrán *Foirmlí agus Táblaí* duit, má theastaíonn sé uait. Ní mór duit é a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe. Níl cead agat do chóip féin a thabhairt isteach chuig an scrúdú leat.

Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

Scríobh déanamh agus múnla d'áireamháin anseo:

Roinn A	Ceisteanna Gearrfhreagra	75 marc

Freagair 5 cheist as 10 gceist

Ceist 1

(a) Agus úsáid á baint agat as an bhfoirmle chuí, ríomh **praghasleaisteachas an éilimh** mar a léirítear é sa ghraf thíos nuair is é €4 an praghas tosaigh ar phaicéad de mhaisc aghaidhe agus nuair a **ardaítear** ansin é go dtí €5. Taispeáin an ríomh go léir.



Obair:
Freagra:

(b) Agus tagairt á déanamh agat don ghraf thuas, mínigh dlí an éilimh.

Ceist 2

Sa ghrafaic eolais thíos taispeántar na Cuntais Náisiúnta Ráithiúla don Dara Ráithe in 2021.



www.cso.ie

(a) Agus úsáid á baint agat as na sonraí thuas, mínigh cé acu tionchar leathnaithe **nó** tionchar craptha is dócha a bheidh ag Comhardú na nÍocaíochtaí go foriomlán.
Bíodh tagairt agat d'fhigiúirí ábhartha sa léaráid d'fhonn do fhreagra a mhíniú.
Cuir tic (✓) sa bhosca cuí chun a chur in iúl cé acu leathnú nó crapadh atá ann.

Leathnú: ☐ Crapadh: ☐

Míniú:

(b) Tabhair breac-chuntas ar thoisc **amháin** a bhféadfadh tionchar a bheith aici ar an treocht thuas sa Tomhaltas Pearsanta sa Dara Ráithe in 2021.

Ceist 3

Tugadh isteach Íosphraghsáil Aonaid (IPA) (MUP i mBéarla) ar an alcól in Éirinn go luath in 2022. De réir na mbeart nua seo, ní ceadmhach buidéal caighdeánach fíona (750ml) a dhíol ar phraghas níos lú ná €7.40 agus ní ceadmhach canna beorach (500ml) a dhíol ar phraghas níos lú ná €1.70.

Ní ceadmhach biotáille (70cl), a bhfuil 40% de ina alcól, a dhíol ar phraghas níos lú ná €20.70.

Arna chur in oiriúint ó Independent.ie

(a) An aontaíonn tú leis an IPA nua seo ar an alcól?

Aontaím: ☐ Ní aontaím: ☐

Cosain do fhreagra.

Cosain:

(b) D'fhéadfadh ceannach alcóil sa saormhargadh **cliseadh margaidh** a ghiniúint. Mínigh an ráiteas sin, agus tú ag baint úsáid as sampla d'fhonn do thuiscint a léiriú.

Ceist 4

(a) Déan gach ceann díobh seo a leanas a chatagóiriú mar **instealladh** sa sreabhadh ciorclach ioncaim nó mar **shileadh** as an sreabhadh ciorclach ioncaim.

		Instealladh	Sileadh
1.	Ardaíonn rialtas na hÉireann na tuarastail san earnáil phoiblí 1% in 2023.		
2.	D'ainneoin Phaindéim Covid-19, méadaítear easpórtálacha na hÉireann go dtí €160bn, leibhéal nár baineadh amach roimhe seo.		
3.	Choigil tomhaltóirí in Éirinn níos mó ná €10 bn sa chéad ráithe de 2021.		

Freagair (b) nó (c)

(b) Sa bhosca thíos cosain gach ceann de na roghanna a rinne tú i gcuid **(a)** thuas.

1.
2.
3.

NÓ

(c) Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a bhfuil insreabhadh d'infheistíocht dhíreach choigríche tábhachtach do gheilleagar na hÉireann.

1.
2.

Ceist 5

Tá sé tuartha go mbeidh 1 mhilliún duine os cionn 65 bliain d'aois in Éirinn faoin mbliain 2031.
Is feiniméan domhanda é an t-athrú suntasach seo ar dhéimeagrafaic an aosaithe.

Arna chur in oiriúint ó socialjustice.ie

(a) Mínigh dhá thoisc ar dócha go raibh tionchar acu ar an treocht sin i ndaonra na hÉireann.

1.
2.

Freagair (b) nó (c)

(b) Tabhair breac-chuntas ar dhá **bhuntáiste** eacnamaíochta a bhaineann le daonra na hÉireann a bheith ag dul in aois.

1.
2.

NÓ

(c) Tabhair breac-chuntas ar dhá shlí a rachaidh aosú an daonra in Éirinn i bhfeidhm ar pholasaí an rialtais sa todhchaí.

1.
2.

Ceist 6

(a) Deirtear gur **Praghasghlacadóirí** iad gnólachtaí a bhíonn in Iomaíocht Fhoirfe.
Ar na léaráidí thíos, lipéadaigh agus léirigh:

(i) An méid a tharlaíonn do chothromaíocht an mhargaidh **de réir mar a thagann breis gnólachtaí isteach sa mhargadh**?

(ii) An méid a tharlaíonn do phraghas an ghnólachta aonair **de réir mar a thagann breis gnólachtaí isteach sa mhargadh**?

Mínigh **gach ceann** de do léaráidí thíos.



An Míniú i gcás an Mhargaidh:
An Míniú i gcás an Ghnólachta:

Freagair (b) nó (c)

(b) Is féidir le gnólachtaí fanacht ar marthain sa ghearrthéarma fiú má bhíonn caillteanas á dhéanamh acu. Mínigh an ráiteas sin.

Míniú:

NÓ

(c) San fhadtéarma, is iad na gnólachtaí is éifeachtúla amháin a fhanfaidh ar marthain. Mínigh an ráiteas sin.

Míniú:

Ceist 7

Ní thaispeánann ach ceann amháin de na cairteacha thíos an treocht go cruinn i ráta úis an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) ó 2000 go 2020.





Arna chur in oiriúint ó ecb.europa.eu

(a) **(i)** Sainaithin cé acu cairt a thaispeánann an treocht cheart go cruinn i ráta an BCE ó 2000 go 2020.

Cuir tic (✓) i gceann amháin de na boscaí thíos chun do rogha a chur in iúl.

Fíor A:		**Fíor B:**

(ii) Cosain an rogha a rinne tú in **(i)** thuas.

Cosain:

(b) Seachas an % bonnráta úis a shocrú, tabhair breac-chuntas ar dhá **ról** eile atá ag an BCE.

1.
2.

Ceist 8

De bharr an Bhreatimeachta agus, b'fhéidir, de bharr deacrachtaí i slabhra an tsoláthair, chonacthas níos lú tinte ealaíne mídhleathacha in Éirinn le linn na Samhna in 2021.

Arna chur in oiriúint ó The Journal.ie

(a) Mínigh a bhfuil i gceist leis an téarma eacnamaíochta **geilleagar folaithe**.

Míniú:

(b) Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis leis na deacrachtaí i slabhra an tsoláthair a bhí ag mórán cuideachtaí in Éirinn le linn 2021 - 2022.

1.
2.

Ceist 9

(a) Sainaithin **costas príobháideach** amháin atá ar an tomhaltóir as painéil ghréine a shuiteáil agus **buntáiste príobháideach** amháin a fhaigheann an tomhaltóir as painéil ghréine a shuiteáil.

Costas príobháideach as painéil ghréine a shuiteáil:
Buntáiste príobháideach as painéil ghréine a shuiteáil:

(b) Cruthaítear **buntáistí sóisialta** fosta de bharr painéil ghréine a shuiteáil.
Déan an ráiteas sin a phlé.

Ceist 10

Tá 23 branda san iomlán ag an ngnólacht PepsiCo atá lonnaithe i gCorcaigh. Tá Doritos agus Tropicana ar dhá cheann de na táirgí is mó éileamh atá acu.

(a) Ríomh an **deischostas** ar PepsiCo a bhainfeadh le táirgeadh a bhogadh ó phointe **D** go pointe **H** ar chuar Theorainn Féidearthachta na Táirgiúlachta (PPF i mBéarla).

	Doritos milliún (kg)	Tropicana milliún (l)
A	0	90
B	20	80
C	38	70
D	**50**	**62**
E	60	55
F	70	48
G	80	35
H	**90**	**0**



Ríomh:
Freagra:

Mínigh do fhreagra.

Míniú:

(b) Is féidearthacht táirgiúlachta eile do PepsiCo é pointe **X (20, 20)**.
An molfá dóibh táirgeadh ag an bpointe sin? Mínigh do fhreagra.

Freagra:
Míniú:

Roinn B	Ceisteanna Fadfhreagra	225 Marc

Freagair 3 cheist as 6 cheist

Ceist 11

Sa ghrafaic eolais thíos, taispeántar sonraí a fuarthas ó Bhord na dTionóntachtaí Cónaithe (RTB i mBéarla) d'Innéacs Cíosa an Dara Ráithe de 2021.



www.rtb.ie

(a) **(i)** Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a d'fhéadfadh a bheith leis an difríocht idir an meánchíos i gCathair Bhaile Átha Cliath agus i gCathair Phort Láirge sa Dara Ráithe de 2021.

1.
2.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** idirghabháil a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann a dhéanamh chun tacú le forbairt réigiúnach chothromaithe in Éirinn.

(b) **(i)** Mínigh, le cuidiú léaráide atá lipéadaithe go hiomlán, an dóigh a ndéantar praghas cothromaíochta talún a chinneadh**.**

Míniú:

(ii) Seachas an soláthar talún a bheith seasta, tabhair breac-chuntas ar dhá shaintréith a bhaineann le talamh ó thaobh na heacnamaíochta de.

1.
2.

(iii) Mínigh an bhaint atá ag an gcoincheap **éileamh díorthaithe** leis an toisc tháirgeachta **talamh**.

(c) Meastar go gcuideoidh Tionscadal an Rúidbhealaigh Thuaidh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath le 31,200 post nua a chruthú in Éirinn chomh maith le luach €2.2 billiún de ghníomhaíocht gheilleagrach bhreise a chruthú faoi 2043.
Meastar go gcosnóidh an tionscadal idir €250m agus €500m.

Arna chur in oiriúint ó internationalairportreview.ie

(i) Mínigh an téarma deischostas.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar dheischostas **amháin** a bhaineann leis an gcaiteachas rialtais thuas ar chúrsaí iompair, agus sampla á úsáid agat chun do fhreagra a léiriú.

Deirtear gur buille tubaisteach do Chontae Chiarraí é cailleadh na seirbhíse laethúla idir Baile Átha Cliath agus Ciarraí a bhí á chur ar fáil ag aerlíne réigiúnach, mar bhí turasóireacht agus gnó an chontae, ar fiú €500m iad, ag brath go mór ar an aerfort.

Arna chur in oiriúint ó RTÉ.ie

(iii) Ba chóir do rialtas na hÉireann níos mó tacaíochta airgeadais a chur ar fáil d'aerfoirt réigiúnacha timpeall na hÉireann.
Déan plé ar na hargóintí ar son **agus** in aghaidh an ráitis seo.

Argóintí ar son:
Argóintí in aghaidh:

75 marc

Ceist 12

(a) Taispeántar sna píchairteacha thíos an sciar den mhargadh a bhí ag soláthraithe leictreachais tí in Éirinn in 2005 agus in 2019. Faoi na píchairteacha tá figiúirí ábhartha Innéacs Herfindahl-Hirschman.

AN SCIAR DEN MHARGADH AG SOLÁTHRAITHE LEICTREACHAIS TÍ IN ÉIRINN IN 2005



IHH in 2005 = 10,000

AN SCIAR DEN MHARGADH AG SOLÁTHRAITHE LEICTREACHAIS TÍ IN ÉIRINN IN 2019



IHH in 2019 = 3,328

Arna chur in oiriúint ó Statista.com

(i) Déan trácht ar a gcuireann torthaí Innéacs Herfindahl-Hirschman (IHH), a bhfuil breac-chuntas orthu thuas, in iúl faoi chomhdhlúthacht an mhargaidh sa tionscal seo le linn na tréimhse seo (2005 go 2019).

(ii) Mínigh dhá chúis a ndéanfadh rialtas cinneadh an soláthar leictreachais a **dhírialáil**. (Tarlaíonn dírialáil nuair a chuirtear deireadh leis na dlíthe a choisceann ar ghnólachtaí nua teacht isteach i margadh.)

1.

2.

(iii) Mínigh an téarma príobháidiú.

Míniú:

(iv) D'fhéadfadh sé go roghnódh rialtas comhlacht leathstáit **a phríobháidiú** in ionad é a dhírialáil. Tabhair breac-chuntas ar **chúis amháin** a roghnódh rialtas comhlacht leathstáit a príobháidiú seachas é a dhírialáil.

Míniú:

(b) **(i)** Is é an cur síos is fearr ar an struchtúr margaidh atá léirithe sna píchairteacha in **(i)** thuas in 2005 ná **Monaplacht Stáit** agus in 2019 is **Olagaplacht** is fearr a chuireann síos air. Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste amháin a bhaineann leis an dá chineál struchtúir mhargaidh.

Monaplacht:
Olagaplacht:

(ii) Mínigh, agus léaráid atá lipéadaithe go hiomlán á húsáid agat, staid chothromaíochta fhadtréimhseach gnólachta monaplachta.

Míniú:

(iii) Mínigh dhá athrú i ndálaí (saintréithe) an mhargaidh a ligeann do mhargadh bogadh ó **Mhonaplacht go dtí Olagaplacht**.

1.
2.

(c) **(i)** Faoin mbliain 2030, beidh thart ar 500,000 feithicil leictreach ar bhóithre na hÉireann agus tá moltaí déanta cheana féin cosc a chur ar dhíol feithiclí a bhfuil astaíochtaí neamhnialasacha astu.

Arna chur in oiriúint ó esbnetworks.ie

Tabhair breac-chuntas ar dhá **dhúshlán** atá roimh gheilleagar na hÉireann agus é ag athrú mhótarthionscal na hÉireann ina thionscal a bheidh neodrach ó thaobh carbóin de.

1.
2.

(ii) Taispeánadh in anailís a rinneadh go bhféadfadh sé go mbeadh 29% **den éileamh iomlán ar leictreachas in Éirinn ag teacht ó ionaid sonraí** faoi 2028. (Is é atá in ionad sonraí, áit chianda ina mbíonn a lán freastalaithe a úsáidtear chun eolas a stóráil, a phróiseáil agus a dháileadh).

Arna chur in oiriúint ó All-Island Generation Capacity Statement 2019-2028

Déan plé ar chúis amháin **ar chóir** do rialtas na hÉireann **cead pleanála a thabhairt** i gcomhair tuilleadh ionad sonraí in Éirinn agus cúis amháin **nár chóir don rialtas cead pleanála a thabhairt.**

Cúis ar son:
Cúis in aghaidh:

75 marc

Ceist 13

Taispeántar sa ghrafaic eolais thíos na foinsí ioncaim agus na réimsí caiteachais mar sciar de gach euro a fuair agus a chaith rialtas na hÉireann in 2020.



www.cso.ie

(a) **(i)** Agus an t-eolas ghrafaic thuas á úsáid agat, mínigh cén fáth a bhfuil Sochair Shóisialta ina sciar chomh mór sin de chaiteachas an rialtais.
Bain úsáid as sampla de shochar sóisialta chun tacú le do fhreagra.

(ii) Baineann rialtas na hÉireann úsáid as **cáin dhíreach** agus as **cáin indíreach** chun ioncam an rialtais a bhailiú. Déan idirdhealú idir an dá chineál cánacha sin.
Bain úsáid as samplaí de gach ceann díobh chun tacú le do fhreagra.

(b) **(i)** Is féidir le rialtais dreasachtaí a úsáid chun iompraíocht áirithe daoine a spreagadh agus an córas cánach a úsáid chun iompraíocht áirithe daoine a dhíspreagadh.

Tabhair breac-chuntas ar **dhreasacht** amháin a d'fhéadfadh an rialtas a úsáid chun iompraíocht áirithe daoine a spreagadh agus ar **bheart cánach** amháin a d'fhéadfadh an rialtas a úsáid chun iompraíocht áirithe daoine a dhíspreagadh.

Tabhair sampla i ngach cás chun tacú le do fhreagra.

Spreagadh:
Díspreagadh:

(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá idirghabháil, seachas dreasachtaí/cánacha, a bhféadfadh an rialtas smaoineamh ar iad a dhéanamh d'fhonn tionchar a imirt ar iompraíocht tomhaltóirí.

1.

2.

(c) Thoiligh Rialtas na hÉireann glacadh leis an bplean atá ag an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD i mBéarla) rialacha cánacha an domhain a leasú. Ciallóidh na leasuithe **go ngearrfar cáin chorparáide ar ráta 15%** ar ghnólachtaí in Éirinn a bhfuil ioncam bliantúil €750 milliún nó níos mó acu, ráta 12.5% a ghearrfar ar gach gnólacht eile.

Arna chur in oiriúint ó RTÉ.ie

(i) Tabhair breac-chuntas ar na slite a bhféadfadh an beart sin dul i bhfeidhm ar gheilleagar na hÉireann ó thaobh na heacnamaíochta de.

(ii) Ar chóir do Rialtas na hÉireann ráta nua na cánach corparáide, 15%, a ghearradh ar **na gnólachtaí go léir** in Éirinn beag beann ar a láimhdeachas bliantúil (gnólachtaí a bhfuil láimhdeachas bliantúil níos lú ná €750 milliún acu san áireamh)?

Ba chóir: ☐ Níor chóir: ☐

Cosain do fhreagra.

75 marc

Ceist 14

Tháinig ardú 30% ar an gcostas a bhaineann le tógáil tí in 2021. Tá ardú ollmhór tagtha ar phraghas gach ruda, an praghas ar mhála suiminte, ar an adhmad don díon agus ar chruach san áireamh. Ag deireadh 2021, bhí an costas a bhain le tógáil tí €70,000 níos airde ná mar a buiséadaíodh lena aghaidh i dtús báire.

Arna chur in oiriúint ó RTÉ.ie

(a) (i) Mínigh an téarma **boilsciú de bharr costbhrú** agus tú ag tagairt don ráiteas thuas.

Míniú:

(ii) Cuir in iúl le tic (✓) an cineál costais is fearr a chuireann síos ar gach ceann díobh seo a leanas. Mínigh do rogha.

Costas Tógála	Costas Seasta	Costas Athraitheach	Míniú
Málaí Suiminte			
Siúinéirí (Saothar)			
Luach Ceannaigh Láithreáin Tógála			

(b) Sna figiúirí thíos léirítear na costais a bhaineann le teach leathscoite meánmhéide ina bhfuil 3 sheomra leapa a thógáil faoin tuath in Éirinn.

Arna chur in oiriúint ó scsi.ie

(i) Ríomh na figiúirí atá in easnamh in A, B, agus C sa tábla thíos**.**

Aonaid Tithíochta	Costas Seasta (€)	Costas Athraitheach (€)	Costas Iomlán (€)	Meánchostas (€)	Costas Imeallach (€)
1	100,000	260,000	**A**	360,000	-
2	100,000	300,000	400,000	**B**	40,000
3	100,000	350,000	450,000	150,000	**C**
4	100,000	405,000	505,000	126,250	55,000

Ríomh		
A:	**B:**	**C:**
Freagra:	**Freagra:**	**Freagra:**

(ii) Agus úsáid á baint agat as na figiúirí sa tábla thuas, tarraing agus lipéadaigh iad seo ar an ngrafpháipéar thíos:
na **Costais Sheasta**, na **Costais Athraitheacha** agus na **Costais Iomlána**.



(iii) Má thuilleann an gnólacht €55,000 ar aonad breise aschuir a tháirgtear, cé mhéad teach ba chóir dó a tháirgeadh? Mínigh do fhreagra.

Freagra:
Míniú:

(c) Sa chairt thíos taispeántar an difríocht atá idir meántuilleamh na bhfostaithe fireanna agus na bhfostaithe baineanna in aghaidh na huaire (mar % d'olltuilleamh na bhfireannach).



Arna chur in oiriúint ó Eurostat

(i) Bunaithe ar na sonraí thuas, ríomh **an mheánbhearna** phá idir na fir agus na mná ar fud na gcúig cinn sin de thíortha Eorpacha. Taispeáin do chuid oibre go léir.

Ríomh:
Freagra:

(ii) Mínigh cúis **amháin** a bhfuil bearna phá idir na fir agus na mná fós ann i mórán tíortha Eorpacha.

Míniú:

I gCáinaisnéis 2022, ardaíodh an t-íosphá náisiúnta ó €10.10 go €10.50 in aghaidh na huaire. Mar sin féin, rinne an Grúpa Teicniúil um Pá Maireachtála an argóint gurb é €12.90 in aghaidh na huaire an t-íosphá atá de dhíth chun caighdeán maireachtála inghlactha a sholáthar.

Arna chur in oiriúint ó livingwage.ie

(iii) Déan plé ar argóint **amháin** ar son agus ar argóint **amháin** in aghaidh 'Pá Maireachtála' €12.90 a chur i bhfeidhm mar Íosphá Náisiúnta in 2023.

Ar son:
In aghaidh:

75 marc

Ceist 15

Taispeántar sa chairt thíos an fhorbairt ar tháirgeadh an bhainne in Éirinn ó 1975 go 2020.



(a) **(i)** Déan anailís ar **dhá** phríomhthreocht i dtáirgeadh an bhainne in Éirinn le linn na tréimhse a thaispeántar sa chairt thuas.

(ii) Mínigh gach ceann de na téarmaí eacnamaíochta seo a leanas i gcomhthéacs na talmhaíochta in Éirinn.

Fóirdheontas:
Cuóta:

(iii) Cuireadh cúnamh deontais €395m ar fáil d'fheirmeoirí na hÉireann chun raon sonrach de na foirgnimh feirme a fheabhsú agus/nó a thógáil nó chun trealamh a d'fhéadfadh leas a dhéanamh dá ngnó feirme a cheannach, e.g. bliteoirí.

Arna chur in oiriúint ó www. agriland.ie

Mínigh, le cuidiú léaráide atá lipéadaithe go hiomlán thíos, an tionchar a bheadh ag an gcúnamh deontais seo ar phraghas cothromaíochta agus ar chainníocht chothromaíochta an bhainne.



Míniú:

(b) Ar an ngraf thíos taispeántar rátaí malairte an euro (€) ar an bpunt Steirling (£) ó Nollaig 2012 go Nollaig 2021.



Arna chur in oiriúint ó ecb.europa.eu

(i) Sainaithin tréimhse amháin inar thit luach an euro i gcoinne an phuint Steirling. Mínigh do fhreagra.

Freagra:
Míniú:

(ii) Cé is moite den athrú ar na rátaí malairte idir an dá airgeadra, tabhair breac-chuntas ar dhá shlí eile a raibh tionchar ag an mBreatimeacht ar an gcaidreamh trádála idir Éirinn agus an Ríocht Aontaithe.

1.
2.

(iii) Mínigh an dóigh a bhféadfadh tuiscint ar phraghasleaisteachas an éilimh (PED i mBéarla) cuidiú le heaspórtálaithe in Éirinn a dteastaíonn uathu a n-ioncam iomlán i margadh na Ríochta Aontaithe a uasmhéadú.

Míniú:

(c) Taispeántar sa ghraf thíos tíortha a bhí ina nglantairbhithe de bharr Bhuiséad an AE in 2018.



Arna chur in oiriúint ó statista.com

(i) Agus na sonraí sa ghraf thuas á n-úsáid agat, ainmnigh an tír atá ar an ranníocóir is mó de chuid an AE agus an tír atá ar an tairbhí is mó de chuid an AE.

An ranníocóir is mó de chuid an AE:
An tairbhí is mó de chuid an AE:

(ii) Cosain an fáth a bhfanann tíortha mar an Ghearmáin, an Fhrainc, an Iodáil, an tSualainn, Éire, atá ina nglan-ranníocóirí leis an AE, ina mbaill den AE d'ainneoin an chostais airgeadais a chuireann ballraíocht san AE ar na tíortha sin.

Cosain:

75 marc

Ceist 16

(a) Cuirfear uasteorainn leis na méaduithe cíosa sna háiteanna ar a dtugtar criosanna brú cíosa (RPZs i mBéarla) ar aon dul leis an ráta boilscithe, agus tá toirmeasc ar dhíshealbhú curtha i bhfeidhm don chuid eile den bhliain (2021) de réir dlíthe nua a thabharfaidh an Rialtas isteach.

Arna chur in oiriúint ó The Irish Times

(i) Céard iad na slite is dócha a rachaidh an idirghabháil rialtais seo i bhfeidhm ar an inbhuanaitheacht shóisialta?

(ii) Seachas uasteorainneacha ar chíos, mol dhá idirghabháil rialtais eile a d'fhéadfadh cuidiú leis an éagothroime rochtana ar mhargadh na tithíochta in Éirinn a laghdú.

Idirghabháil 1:
Idirghabháil 2:

Dúirt Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe gur chód dearg don chine daonna atá sa tuarascáil ar an inbhuanaitheacht a rinne an Mheitheal Oibre. Tá na cloigíní aláraim ár mbodhrú, agus tá an fhianaise dobhréagnaithe. Arna chur in oiriúint ó RTÉ.ie

(b) **(i)** Tabhair breac-chuntas ar an tábhacht do thodhchaí ár ngeilleagair a bhaineann le hinbhuanaitheacht an chomhshaoil.

(ii) Mol **straitéisí** a bhféadfadh rialtas agus saoránaigh na hÉireann feidhm a bhaint astu chun cuidiú leis an aistriú go dtí geilleagar ísealcharbóin.

Rialtas na hÉireann:
Saoránaigh na hÉireann:

(c) Táirgeann tionscal an fhaisin 10% de na hastaíochtaí carbóin go léir a ghineann an cine daonna. Tá sé ar an dara tionscal is mó a ídíonn soláthar uisce an domhain agus truaillíonn sé na haigéin. Cuirtear 85% de na teicstílí go léir a tháirgtear gach bliain isteach i líonadh talún. Taispeánann an taighde go bhfuil daoine ag ceannach níos mó éadaí ná riamh anois ach nach bhfuil siad á gcoinneáil ach leath chomh fada.

Arna chur in oiriúint ó businessinsider.com

(i) Mínigh, le cuidiú léaráide atá lipéadaithe go hiomlán, conas a rachaidh íosphraghsáil **(os cionn phraghas cothromaíochta an mhargaidh)** ar fhaisean gasta i bhfeidhm ar mhargadh an fhaisin ghasta nuair a thabharfar isteach í.



Míniú:

(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá chéim is féidir le **tomhaltóirí** in Éirinn a ghlacadh chun tionchar thionscal an fhaisin ghasta a laghdú.

1.
2.

(iii) Tabhair breac-chuntas ar chéim amháin is féidir le **gnólachtaí** in Éirinn a ghlacadh chun tionchar thionscal an fhaisin ghasta a laghdú.

Gnólachtaí in Éirinn:

75 marc

Leathanach Breise más rogha leat é a úsáid
Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist atá á freagairt.

Ná scríobh ar an leathanach seo

Fógra cóipchirt
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

Eacnamaíocht

Dé hAoine 24 Meitheamh

Maidin 9.30 - 12.00